

CÉ MHÉAD SLAT DEATAIGH A DHÉANFADH ONSA SUAIGH?

Séan Ó Lopáin as Béal an Daingean bhí sé fóghlumtha agus ina sgoiláire. Tháinig sé le seanbho ag aonach an Spidéil. Bhí fear ins an áit a dtugaidís Pádraic Ó Concheannainn air. Badh éard a bhí ann maistín cainnte, ach bhí figheadóir ar an mbaile agus is ina theach a bhíodh lucht cainnte na háite chruinnighthe le sgéalta agus amhráin. Tháinig Ó Lopáin ann tuairim a hocht a chlog tráthnóna. Bhí riar foghlaim ar Mhac Uí Choncheannainn agus ar Ó Lopáin. D'ionnsuigh an bheirt a chéile le ceisteanna agus le fóideogaí cainnte. Amach tuairim an deich a chlog san oidhche thosuigh Mac Uí Choncheannainn ag cailleadh talmhan agus ag tuitim siar. Bhuaill faitchíos an figheadóir go mbeadh sé le rádh ag Lopáin i gConamara go bhfuair sé an lámh an uachtair ar fhear Chois Fhairrge. Bhí teine tharéis a dhul síos i dteach an fhigheadóra, bhí bos faoi na leiceann ag an bhfigheadóir agus é ag éisteacht leis an mbeirt. Pé bí breathnú a thug sé thairis chonnaic sé an deatach ag dhul suas trom. "Cogar mé seo leat, a Mhic Uí Lopáin," adeir sé, "cé mhéad slat deataigh a dhéanfadh onsa suaigh?" "Cá bhfios a'm-sa beirthe ná beo," adeir Mac Uí Lopáin, "cé mhéad slat deataigh a dhéanfadh onsa suaigh." "Mara bhfuil," adeir an figheadóir "tabhair t'aghaidh ar an mbaile," ach marach an figheadóir bhí Mac Uí Choncheannainn buailte, agus ní fhaca an figheadóir balla teach na sgoile ariamh taobh istigh.

11/5/30.